Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Comhar

## Clár Ceannaireachta do Phríomhoidí Cúnta



Tá ríméad ar Oide a fhógairt go bhfuil clár Comhar do Phríomhoidí Cúnta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ag leanúint ar aghaidh i mbliana. Cuirfear clár Comhar ar fáil i ngach ceann de na fiche a haon Ionad Oideachais lánaimseartha don scoilbhliain 2026/27.

- Is clár iomlán maoinithe de chuid na Roinne Oideachais agus Óige é Comhar a dearadh go sonrach dóibh siúd atá i ról an Phríomhoifigigh Chúnta faoi láthair.
- Déantar iniúchadh sa chlár ar théamaí ceannaireachta amhail fís, cultúr, ról, ceannaireacht foghlama agus teagaisc, athrú, cumarsáid, coimhlint agus inbhuanaitheacht.
- Baintear úsáid as an gCreat Cáilíochta, Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 ar fud an chláir chun teagasc, foghlaim agus ceannaireacht ar ardchaighdeán a fhiosrú.
- Cuireann Comhar forbairt scileanna agus eolais chun cinn trí mhachnamh a dhéanamh ar chleachtas, ar idirphlé agus ar chomhroinnt na foghlama le Príomhoidí Cúnta eile i suíomhanna bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

Cuirtear an clár ar fáil tráthnónta Déardaoin den chuid is mó, trí úsáid a bhaint as cur chuige cumaisc (ar líne ó 16:30 - 18:00 agus go pearsanta ó 16:30 - 18:30). Tá ceithre sheisiún ar líne agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh sa chlár.

| Clár Ama 2026/2027 | |
|---|---|
| Modúil 1 | Ról agus Ceannaireacht Roinnte<br>(Seisiún Beo - Luan 16 Samhain 2026) |
| Modúil 2 | Cumarsáid Éifeachtach<br>(Seisiún Ar líne - Déardaoin 10 Nollaig 2026) |
| Modúil 3 | Cultúr na Scoile a Threorú<br>(Seisiún Ar líne - Déardaoin 14 Eanáir 2027) |
| Modúil 4 | Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc<br>(Seisiún Ar líne - Déardaoin 21 Eanáir 2027) |
| Modúil 5 | Athrú a Threorú<br>(Seisiún Beo - Déardaoin 28 Eanáir 2027) |
| Modúil 6 | Coimhlint agus Comhráite Dúshlánacha -<br>(Seisiún Ar líne - Déardaoin 11 Feabhra 2027) |
| Modúil 7 | Féinbhainistíocht agus Inbhuanaitheacht -<br>(Seisiún Beo - Déardaoin 25 Feabhra 2027) |

**Déan scanadh den chód MF chun áit a chur in áirithe nó téigh go https://tinyurl.com/comharapplication26_**

**Spriocdháta d'Iarratais**
**Dé Céadaoin 23ú Mean Fómhair 2026**

**Cuirfear áiteanna ar fáil ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.**